Scoil Oilibhéir

Nósanna Imeachta um Theacht Isteach
agus um Imeacht Márta 2021
Procedures for Entry and Departure March 2021

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí, a chairde,

Tá éacht déanta againn ar fad go dtí seo! Tá togha na hoibre déanta ag gach duine leis an gcianfhoghlaim agus tá mé an-bhródúil as pobal na scoile idir pháistí, mhúinteoirí agus thuismitheoirí/chaomhnóirí. Tuigim freisin áfach nach dteastaíonn ó éinne againn go leanfadh an chianfhoghlaim ar aghaidh. Tá na bunranganna ar ais anois le coicís agus tá ag éirí go geal leo. Táimid ag súil go mór leis na hArdranganna a fheiceáil ar an Luan seo, 15 Márta, ach chun é sin a dhéanamh go rathúil táim ag iarraidh oraibh comhoibriú agus tacú linn uair amháin eile. Tá treoir an-soiléir tagtha ón Roinn Oideachais agus Scileanna go gcaithfimid cosc a chur ar bhailiú le chéile na sluaite ag geataí na scoile. Mínítear thíos conas é seo a sheachaint.

Tá na hamanna thíos do na ranganna éagsúla ach an rud is tábhachtaí ar fad ná go bhfanann tú sa charr nó, má shiúlann tú, gan a bheith anseo roimh an am ceart. Tá cead ag na h**Ardranganna teacht isteach sa chlós ag 08:40 – iarrtar ar thuismitheoirí gan teacht isteach leo.** Tá cead ansin ag na **Bunranganna teacht isteach, díreach chuig na seomraí, ag 08:50 – buailfear an clog ag an am ceart. Ní bheidh múinteoir sa seomra roimh an gclog agus iarrtar ort gan teacht isteach roimh an gclog.** Ní gá do thuismitheoiri R2 siúl isteach leo.

Tá sé ríthábhachtach mar sin nach bhfuil na bunranganna ag fanacht ar an gcosán san ascaill roimh 08:50. Níl le déanamh agat ach fanacht sa charr go dtí an t-am ceart. Tá súil agam gur féidir le daoine tacú linn leis an iarratas simplí seo. An t-aon réiteach eile ar an bhfadhb ná bearna ama níos mó idir na ranganna, rud atá mí-áisiúil do gach duine. Táim ag iarraidh a bheith chomh praiticiúil agus is feidir liom agus sábháilte ag an am céanna. Cabhraigh linn le do thoil, ná bí ag fanacht ar an gcosán san ascaill roimh an am ceart. Níl ach coicís le déanamh againn go dtí an Cháisc agus b'fhearr linn ar fad go n-éireodh linn foirgneamh na scoile a athoscailt do chách go sábháilte.

Táimid ag súil go mór le gach duine a fheiceáil ar an Luan (ach ní róluath!).

We have done fantastically well up to now! Everyone has done great work with the remote learning and I am extremely proud of the school community, children, teachers and parents/guardians. I appreciate also however that nobody wants to continue with remote learning. The Junior Classes have been back a fortnight and are doing great. We are really looking forward to seeing our Senior Classes this Monday, 15 March, but to do this successfully I am asking for your support and cooperation one more time. There has been a very clear direction from the Department of Education and Skills that we must prevent any gathering of crowds at the school gates. Below is explained how to avoid this.

The times are below for the different classes but by far the most important thing is to stay in your car, or if you walk, not to be here before the correct time. ***The Senior Classes may come into the yard at 08:40 – parents are asked not to accompany them. The Junior Classes may come in directly to the classrooms then at 08:50 – the bell will be rung at the correct time. There will be no teacher in the classroom before the bell and you are asked not to come in before the bell****. Parents need not accompany children in 2nd Class.*

It is crucial therefore that Junior Classes are not waiting on the footpath in the avenue before 08:50. All you need to do is wait in the car until the correct time. I hope that people can support us in this simple request. The only other solution to the problem is to have much wider time gaps between the classes, an inconvenience to everybody. I am trying to be as practical as possible whilst maintaining safety. Please help us, do not wait on the footpath in the avenue before the correct time. We only have a fortnight to do until Easter and we would all prefer that we manage to successfully re-open the school building safely to all.

We're really looking forward to seeing everyone on Monday (but not too early!).

Le gach uile bheannacht

Antóin ó Cléirigh

NÓSANNA IMEACHTA UM THEACHT ISTEACH AGUS UM IMEACHT | *PROCEDURES FOR ENTRY AND DEPARTURE*

Naíonáin Bheaga | ***Junior Infants***

Ar scoil ag 08:50 díreach go dtí an seomra le tuismitheoirí, tríd an doras seachtrach. Abhaile ar 13:30 le bailiú ón seomra ranga.
At school at 8:50 – directly to classroom accompanied by parent, through the external door. Home at 13:30 to be collected from classroom.
Sos beag | *Small break* 10:25 go dtí 10:40
Lón | *Lunch* 12:05
Clós | *Yard* 12:15-12:35

Naíonáin Mhóra Bhuí | ***Yellow Senior Infants***

Ar scoil ag 08:50 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:50 directly to classroom accompanied by parent, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:25 go dtí 10:40
Lón | *Lunch* 12:05
Clós | *Yard* 12:15-12:35
Abhaile ar 13:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – le bailiú ó phríomhdhoras na scoile ag an halla má tá sé ag cur báistí.
Home at 13:30 from footpath/railings at basketball court side – to be collected from main school door at halla

Naíonáin Mhóra Ghlasa | ***Green Senior Infants***

Ar scoil ag 08:50 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:50 directly to classroom accompanied by parent, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:25 go dtí 10:40
Lón | *Lunch* 12:05
Clós | *Yard* 12:15-12:35
Abhaile ar 13:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.
Home at 13:30 from footpath/railings outside office – to be collected from external classroom door if raining

Rang a hAon | ***First Class***

Ar scoil ag 08:50 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:50 directly to classroom accompanied by parent, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:25 go dtí 10:40
Lón | *Lunch* 12:05
Clós | *Yard* 12:15-12:35
Le bailiú go pras ar 14:20 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí. Rachaidh deartháireacha/deirfiúracha níos sine leo ag an am seo.
To be collected promptly at 14:20 from footpath/railings at basketball court side – to be collected from external classroom door if raining. Older siblings will go with them at this time.

Rang a Dó | ***Second Class***

Ar scoil ag 08:50 díreach go dtí an seomra gan a dtuismitheoirí, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:50 directly to classroom unaccompanied, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:25 go dtí 10:40
Lón | *Lunch* 12:05
Clós | *Yard* 12:15-12:35
Le bailiú go pras ar 14:20 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí. Rachaidh dearthaireacha/deirfiúracha níos sine leo ag an am seo.
To be collected promptly at 14:20 from footpath/railings at side of office – to be collected from external classroom door if raining. Older siblings will go with them at this time.

Rang a Trí | *Third Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50



Sos | *Break* 10:45 go tdí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige. Is féidir le páistí a shiúlann leo féin dul ar aghaidh. Bailíonn na tuismitheoirí na páistí eile ón nGeata.
Home at 14:30 from the footpath/railings on office side. Children who walk home on their own may go ahead. Parents collect children outside gate.

Rang a Ceathair | *Fourth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50

Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – Is féidir le páistí a shiúlann leo féin dul ar aghaidh. Bailíonn na tuismitheoirí na páistí eile ón nGeata.
Home at 14:30 from the footpath/railings on basketball court side. Children who walk home on their own may go ahead. Parents collect children outside gate

Rang a Cúig | *Fifth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50.



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30. Siúlann siad amach doras seachtrach an tseomra, buaileann siad le tuismitheoirí lasmuigh den gheata/i bpáirc na mílaoise
Home at 14:30. Children walk out external classroom door and meet parents outside gate/in Millennium Park. Parents collect children outside gate.

Rang a Sé | *Sixth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30 – siúlann siad amach doras seachtrach an tseomra, buaileann siad le tuismitheoirí lasmuigh den gheata/i bpáirc na mílaoise
Home at 14:30. Children walk out external classroom door and meet parents outside gate/in Millennium Park. Parents collect children outside gate